16 Meitheamh 2025
Eisithe ag Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge

**Baisc imleabhar ón bPríomhbhailiúchán Lámhscríbhinní foilsithe**

Tá **25 imleabhar** nua as an bPríomhbhailiúchán Lámhscríbhinní digitithe, innéacsaithe agus ar fáil ar dúchas.ie anois. Baineann an t-ábhar le deireadh na 1930idí agus tús na 1940idí.

Tá **6 dhialann bailitheora** sa bhaisc seo: ceann le Seosamh Ó Dálaigh, ceann le Brian Mac Lochlainn, trí cinn le Seán Ó Cróinín agus ceann le Tadhg Ó Murchadha. Bhí sé de dhualgas ar bhailitheoirí lánaimseartha dialann a choinneáil chun eolas comhthéacsúil faoi na seisiúin taifeadta, na faisnéiseoirí agus faoin obair i gcoitinne a bhreacadh. Is cuid den Phríomhbhailiúchán iad na dialanna seo agus tá léargas luachmhar iontu ar shaol a linne. Tá clibeáil déanta ar scéalaithe agus ar dhaoine eile atá luaite sna dialanna.

I measc na n-imleabhar, tá ábhar nua as na contaetha seo a leanas: Aontroim, Ard Mhacha, an Cabhán, Ceatharlach, Ciarraí, Cill Chainnigh, Cill Dara, Cill Mhantáin, an Clár, Corcaigh, Doire, an Dún, Dún na nGall, Gaillimh, an Iarmhí, Laois, Loch Garman, Lú, Luimneach, Maigh Eo, Muineachán, Port Láirge, Ros Comáin, Sligeach, Tiobraid Árann, Tír Eoghain agus Uíbh Fhailí.

Tá éagsúlacht mhór ar fáil sna himleabhair seo, idir scéalta, sheanchas, sheanfhocla, phaidreacha, amhráin, phiseoga agus iliomad ábhar eile.

Is féidir teacht ar an ábhar seo uile ag www.duchas.ie/ga/cbe.

Seo thíos liosta de na himleabhair, de na bailitheoirí agus de na háiteanna.

| | |
|---|---|
| 0499 | Seosamh Ó Dálaigh, Corca Dhuibhne, Co. Chiarraí |
| 0503 | Brian Mac Lochlainn, Maíros, Co. na Gaillimhe |
| 0524 | Proinnsias de Búrca, Maigh Cuilinn agus Rathún, Co. na Gaillimhe agus Baile Chruaich agus an Éill, Co. Mhaigh Eo |
| 0536 | Seán Ó Cróinín, Baile Bhuirne agus Cill Mhichíl, Co. Chorcaí |
| 0573 | Seán Ó Cróinín, Baile Bhuirne, Inis Cara, Cill Mhichíl, Cill na Martra agus Cinn Eich, Co. Chorcaí |
| 0673 | Seán Ó Cróinín, Baile Bhuirne, Co. Chorcaí |
| 0700 | Seosamh Ó Dálaigh, Teampall Tuaithe agus Buiríos Léith, Co. Thiobraid Árann agus Dún Chaoin agus Fionntrá, Co. Chiarraí |
| 0723 | Tadhg Ó Murchadha, Cill Orglan agus an Cnocán, Co. Chiarraí |
| 0724 | Seán Ó Cróinín, Mainistir na Sruthrach, an Chraobhach agus Cill Fachna Bheag, Co. Chorcaí |
| 0725 | Seán Ó Cróinín, Mainistir na Sruthrach, an Chraobhach, Cill Fachna Bheag agus an Scoil, Co. Chorcaí |
| 0745 | Ceistneoirí faoi Éadaí, Co. Luimnigh, Co. Phort Láirge agus Co. Thiobraid Árann |
| 0746 | Ceistneoirí faoi Éadaí, Co. na Gaillimhe |
| 0752 | Ceistneoirí faoi Éadaí, Co. an Chláir |
| 0753 | Ceistneoirí faoi Éadaí, Co. Chiarraí |
| 0754 | Ceistneoirí faoi Éadaí, Co. Mhaigh Eo |
| 0755 | Ceistneoirí faoi Éadaí, Co. Dhún na nGall agus Co. Mhuineacháin |
| 0759 | Ceistneoirí faoin bPunann Dheireanach, Co. Cheatharlach, Co. Chill Chainnigh, Co. Chill Dara, Co. Chill Mhantáin, Co. na Laoise, Co. Loch Garman agus Co. Uíbh Fhailí |
| 0763 | Ceistneoirí faoin bPunann Dheireanach, Co. Mhaigh Eo, Co. Ros Comáin agus Co. Shligigh |
| 0765 | Ceistneoirí faoin bPunann Dheireanach, Co. Aontroma, Co. Ard Mhacha, Co. Dhoire, Co. an Dúin agus Co. Thír Eoghain |
| 0767 | Ceistneoirí faoi Chairn, Co. an Chabháin, Co. Chiarraí, Co. Chill Dara, Co. Chorcaí, Co. na Gaillimhe, Co. na hIarmhí, Co. Laoise, Co. Lú, Co. Luimnigh, Co. Shligigh, Co. Thiobraid Árann agus Co. Uíbh Fhailí |
| 0768 | Tadhg Ó Murchadha, an Dromaid, Co. Chiarraí |
| 0772 | Seosamh Ó Dálaigh, Corca Dhuibhne, Co. Chiarraí |
| 0773 | Seán Ó hEochaidh, Cloich Chionnaola, Co. Dhún na nGall |
| 0775 | Proinnsias de Búrca, Maigh Cuilinn, Co. na Gaillimhe |
| 0777 | Tadhg Ó Murchadha, an Dromaid, Co. Chiarraí |

16 Meitheamh 2025
Eisithe ag Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge

**Nóta don eagarthóir:**

Tá An Príomhbhailiúchán Lámhscríbhinní á dhigitiú ag foireann dúchas.ie, agus ábhar as á fhoilsiú go ráithiúil. Is éard atá sa bhailiúchán seo 2,400 imleabhar ceangailte d'ábhar a bailíodh ó 1932 i leith. Bhailigh bailitheoirí lánaimseartha agus páirtaimseartha formhór an ábhair faoi scáth Choimisiún Béaloideasa Éireann (1935–1971). I nGaeilge atá timpeall dhá thrian den ábhar a chuimsíonn gach gné de thraidisiún béil na hÉireann.

Is toradh é dúchas.ie ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD, Leabharlann Dhigiteach UCD, agus Gaois, Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal bailiúcháin uile Chnuasach Bhéaloideas Éireann a dhigitiú agus a chur ar fáil don phobal ar líne. Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta, agus ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath le cabhair airgeadais ó Fhondúireacht Bhéaloideas Éireann.

Teagmháil: eolas@duchas.ie